

Duine óg ag caint faoina scileanna cumarsáide.

Déanaim cumarsáid phoiblí nuair a labhraím i ndíospóireachtaí sa scoil i rith na scoilbhliana. Scríobhaim faoi chúrsaí reatha go minc. Rinne mé an chumarsáid ó bhéal seo den chéad uair go poiblí san idirbhliain. Ní dhearna mé aon rud mar seo go dtí an bhliain sin, ba é an dúshlán a spreag mé tabhairt faoi. Bhí suim mhór agam i gcúrsaí reatha cheana féin agus bhí an scil sa chaint phoiblí le foghlaim agam. Taitníonn sé go mór liom labhairt os comhair lucht féachana. Tugann sé deis dom mo chuid tuairimí a chur in iúl faoi ábhair a thaitníonn liom. Déanaim cumarsáid phoiblí i m'aonar den chuid is mó, ach tá taithí agam mar bhall d'fhoireann. B'fhearr liom cumarsáid phoiblí a dhéanamh i m'aonar mar go mbíonn níos mó saoirse agam labhairt i m'aonar. Tá sé níos éasca orm ullmhúchán a dhéanamh i m'aonar ach i ndéanta na fírinne is cuma liom.

Ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach tú féin a ullmhú! Roimh aon óráid a scríobh nó aon díospóireacht a dhéanamh, tosaím amach leis an taighde. An t-ullmhúchán a dhéanaim ná cleachtadh le nótaí os mo chomhair sa bhaile. Labhraím os comhair mo chairde ar scoil nó mo theaghlach sa bhaile le nótaí scríofa. Bainim úsáid as athrá mar stráitéis chun ullmhú roimh aon chumarsáid phoiblí. Mar a deir an seanfhocal 'Is é an cleachtadh a dhéanann máistreacht'.

Faighim aiseolas ó mo chairde agus ón mhúinteoir ar scoil a chuidíonn liom. Cuirim an t-aiseolas sin i bhfeidhm ar mo chuid cainte. Uair nó dhó, deir mo chairde go mbíonn sé leadránach dóibh. Go minic, deir siad nach mbíonn mo chuid foghraíochta cruinn. Bíonn sé de nós agam abairtí rófhada a úsáid. Anois is arís, deir siad gur féidir liom an tuin agus an ghuthaíl a fheabhsú. Bíonn sé níos suimiúla nuair nach mbíonn an stór focal céanna in úsáid agat arís is arís eile. Tá sé an-tábhachtach éisteacht le daoine eile cé gur cúis díoma é go minic.

In amantaí bíonn deacracht agam le mo chuid foghraíochta. Déanaim taifead ar mo chuid cainte agus éistim siar air. Le cleachtadh agus machnamh tagann feabhas ar mo chuid foghraíochta. Cuirim feabhas ar mo scileanna cumarsáide trí éisteacht le daoine cáiliúla ag déanamh caint phoiblí. Fadhb eile atá agam ná go labhraím róghasta. Cabhraíonn cleachtadh leis an fhadhb seo, dar ndóigh!

I mo thuairim féin, tá go leor cosúlachtaí ann idir cumarsáid trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Tá na scileanna bunúsacha céanna i ngach aon teanga. Tá uirlisí teanga ann, mar shampla, ceist reitriciúil, riail trí agus scéilín an-chumhachtach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Ceapaim go bhfuil an fhoghraíocht an-tábhachtach sa chumarsáid phoiblí – b'fhéidir níos tábhachtaí sa chumarsáid trí Ghaeilge ná an Béarla, le haimsirí na mbriathra go háirithe sa Ghaeilge. Tá sé an-éasca an rud mícheart a rá as Gaeilge le foghraíocht mhíchruinn! B'fhéidir go bhfuil cosúlachtaí mar gheall ar an tionchar atá ag an Bhéarla ar an Ghaeilge agus a mhalairt. Feicimid cosúlachtaí idir litriú, fuaimniú agus stíl cainte! Sin é an tionchar atá ag an Bhéarla inár saol, níl dabht ar bith fá dtaobh de.

In aon teanga, tá difríochtaí idir labhairt agus scríobh na teanga. Nuair a labhraím, ní cheartaíonn aon duine mo chuid litrithe. Mura bhfuil a fhios agam conas focal a litriú, níl sé tábhachtach! Ach má dhéanaim dearmad ar ábhar nuair a labhraím, níl mórán ama agam chun smaoineamh ar a ndéarfadh mé! Ar an bhealach chéanna, ní cheartaíonn aon duine mo chuid fuaimnithe nuair a scríobhaim. Baineann buntáistí agus míbhuntáistí le labhairt agus scríobh na teanga, ach ceapaim go bhfuil sé níos spreagúla labhairt os comhair lucht féachana.

Cabhróidh na scileanna seo liom sa todhchaí nuair a rachaidh mé ar aghaidh chuig an ollscoil chun tionscnamh a dhéanamh le scoláirí eile. Tá scileanna maithe cumarsáide tábhachtach i ngach aon phost. Glacfaidh mé páirt i níos mó comórtas agus foghlaimeoidh mé trí éisteacht le daltaí eile ar scoil. Is féidir snas a chur ar do chuid scileanna cumarsáide i gcónaí!